AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.3.2026
COM(2026) 113 final

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

## Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030

{SWD(2026) 82 final}

GA GA

## 1. Réamhrá

**Is bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne** agus is ardaidhm é a thugann institiúidí Eorpacha, rialtais agus an pobal le chéile[1]. Tá **dul chun cinn nach beag déanta ag an Aontas** i dtreo Aontas an Chomhionannais a bhaint amach agus is **crann taca domhanda é do chearta na mban**. Tá cuid den reachtaíocht is forbartha ar domhan ag muintir na hEorpa chun a gcearta a chosaint agus chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac.

**Tá an comhionannas inscne fíor-riachtanach chun spriocanna straitéiseacha an Aontais a bhaint amach**, idir chaomhnú an **daonlathais** agus an **smachta reachta** agus chothú an **chomhtháthaithe shóisialta** agus neartú na **slándála** agus an **iomaíochais**. Tá cearta agus deiseanna comhionanna do mhná agus d'fhir agus roinnt cineálacha éagsúla ann, thar a bheith tábhachtach chun daonlathas bríomhar na hEorpa a chothú agus chun ionadaíochas, dlisteanacht institiúideach agus cinnteoireacht dhaonlathach a neartú. Cuireann an neamhionannas tallann amú, cuireann sé bac ar ghairmeacha, agus laghdaíonn sé an táirgiúlacht. **Dá gcuirfí feabhas ar chomhionannas inscne san Aontas, d'fhéadfadh méadú 9,6 % teacht ar OTI *per capita*** agus d'fhéadfadh 10,5 milliún post breise a chruthú faoi 2050[2].

Tá frithfhreagairt atá ag dul in olcas in aghaidh an chomhionannais inscne ina bagairt ar an dul chun cinn a baineadh amach le dua, agus níl an uaillmhian maidir le hEoraip atá comhionann ó thaobh inscne de bainte amach go fóill[3]. Sa chomhthéacs sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a thiomantas láidir do chomhionannas inscne a chur chun cinn sa **Treochlár um Chearta na mBan**, a glacadh i mí an Mhárta 2025. D'fhormhuinigh gach ceann de na 27 mBallstát, institiúidí an Aontais, agus an iliomad eagraíochtaí sochaí sibhialta agus idirnáisiúnta cuspóirí an Treochláir.

Leis an Straitéis seo um Chomhionannas Inscne, cuirtear leis an méid a baineadh amach leis an straitéis a tháinig roimpi[4] agus cuirtear fís fhadtéarmach an Treochláir um Chearta na mBan i ngníomh. Áiritheofar léi go rannchuideoidh an tAontas le **Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 maidir le comhionannas inscne** a bhaint amach faoi 2030, le cuspóirí athnuaite **Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising**, agus leis na hoibleagáidí faoin g**Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú**. Chun é sin a dhéanamh, moltar sa Straitéis seo **gníomhaíochtaí nithiúla** do gach ceann de na hocht bprionsabal sa Treochlár um Chearta na mBan, agus comhionannas inscne á choinneáil i gcroílár ghníomhaíocht an Aontais laistigh den Aontas agus ar fud an domhain araon[5]. Leanann an Straitéis **cur chuige déach**, lena gcomhcheanglaítear **gníomhaíochtaí spriocdhírithe** le **príomhshruthú inscne** córasach ar fud na réimsí beartais uile.

[1] Féach Airteagal 2 agus Airteagal 3(3) CAE, Airteagail 8, 10, 19 agus 157 CFAE agus Airteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
[2] Staidéar ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ar thionchar eacnamaíoch an chomhionannais inscne san Aontas.
[3] Innéacs Comhionannais Inscne 2025 na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne.
[4] Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025: Straitéis um chomhionannas inscne - an Coimisiún Eorpach.
[5] I gcomhréir leis an gcuspóir maidir le lánpháirtiú de réir a chéile, déanfar tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha ar aontachas don Aontas a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí ábhartha agus déanfar iad a chomhlachú ar an gcaoi chéanna leis na Ballstáit sa Straitéis.

**Téann comhionannas inscne chun tairbhe do chách:** baineann sé le leas iomlán a bhaint as cumas iomlán ban agus fear, ionas gur féidir leis an tsochaí uile tairbhiú den chumas sin. Is é is aidhm don Straitéis seo an comhionannas a bhaint amach idir mná agus fir, idir cailíní agus buachaillí, agus iad uile éagsúil óna chéile. Aithnítear inti an **ról ríthábhachtach atá ag fir agus buachaillí**, mar ghníomhairí agus mar thairbhithe de chomhionannas inscne[6]. Glacann sí **cur chuige trasnach maidir le comhionannas inscne**, lena n-aithnítear go dtrasnaíonn gnéas agus inscne le forais eile idirdhealaithe, as a n-eascraíonn neamhionannais shonracha agus taithí uathúil idirdhealaithe[7].

Cuirfear an Straitéis seo chun feidhme in éineacht le **Straitéisí** eile **Aontas an Chomhionannais** chun na dálaí a chruthú do **gach duine chun a gconair sa saol a roghnú gan bhac, chun go mbeidh rath orthu agus chun go mbeidh siad ina gceannairí**, gan beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh[8]. Thairbhigh an Straitéis sin de **phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin**, lenar tugadh le chéile saoránaigh, na Ballstáit, institiúidí Eorpacha, comhpháirtithe sóisialta, comhlachtaí comhionannais, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta[9]. D’iarr an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa araon ar an gCoimisiún Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026–2030 a chur i láthair[10].

## 2. Comhionannas Inscne agus Cearta na mBan a Chur Chun Cinn

***Prionsabal 1 den Treochlár: Saoirse ó fhoréigean inscnebhunaithe - an ceart chun slándála agus dínite***

Ní hamháin gur sárú ar chearta bunúsacha é an **foréigean inscnebhunaithe** ach is bagairt thromchúiseach é freisin ar shlándáil choiteann an Aontais, toisc go mbaineann sé an bonn de shábháilteacht, de dhínit agus de chomhionannas daoine aonair agus pobal. D’fhulaing **bean amháin as gach triúr** san Aontas foréigean inscnebhunaithe ina saol. Is cineál **foréigin inscnebhunaithe** é foréigean teaghlaigh atá forleathan, agus d’fhulaing bean amháin as gach cúigear san Aontas foréigean **fisiciúil nó gnéasach** óna páirtí nó óna hiarpháirtí, ó ghaol nó ó bhall eile dá dteaghlach. Is rómhinic a bhíonn foréigean teaghlaigh ina chúis leis an gcineál foréigin is measa in aghaidh na mban: **feimeamharú**, atá ina chúis le bás 18 mbean in aghaidh na seachtaine san Aontas[11]. Bíonn go leor **leanaí** thíos le foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh freisin, mar íospartaigh dhíreacha nó mar fhinnéithe. Tá sé ríthábhachtach **aghaidh a thabhairt ar dhearcthaí agus ar iompraíochtaí** chun foréigean inscnebhunaithe a chosc, agus tá sé ríthábhachtach **fir agus buachaillí a tharraingt isteach.**

---

[6] Aontaíonn triúr as gach ceathrar de mhuintir na hEorpa go dtairbhíonn fir den chomhionannas inscne freisin: Steiréitíopaí inscne - Nollaig 2024 - Suirbhé Eorabharaiméadair.

[7] Tugtar aird ar leith sa Straitéis ar mhná ó chúlraí mionlaigh chiníoch agus eitnigh, ar mhná imirceacha, ar mhná faoi mhíchumas, ar mhná ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle, ar mhná óga agus scothaosta, agus ar mhná LADTIA+.

[8] Féach an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ+, an Straitéis Frithchiníochais , an Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh.

[9] Comhairliúchán Poiblí agus Glao ar Fhianaise maidir leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026–2030.

[10] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Samhain 2025 maidir leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2025 (2024/2125(INI)); Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach (8957/24).

[11] Féach Dúnbhású intinneach íospartach de réir caidreamh le híospartach agus gnéas [crim_hom_vrel].

Is bagairt é an **cibearfhoréigean inscnebhunaithe** atá ag dul in olcas go tapa do mhná agus do chailíní, mar gheall ar scaipeadh tapa íomhánna dlúthphearsanta neamhthoiliúla ar fud an idirlín, deacrachtaí maidir le hábhar neamhdhleathach den sórt sin a tharraingt anuas, agus bagairtí fuatha agus foréigneacha ar líne. Léirítear i roinnt staidéar gur de chineál pornagrafach iad 98 % de na **domhainbhrionnuithe** uile ar an idirlíon, agus gur mná a léirítear in 99 % díobh sin[12]. Baineann sé sin an bonn de shláine na mban agus cuireann sé iallach ar go leor daoine imeacht ón timpeallacht ar líne, ó dhíospóireachtaí ar líne agus ón ngeilleagar digiteach, rud a chuireann an daonlathas agus iomaíochas an Aontais i mbaol. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar ról na hintleachta saorga i dtáirgeadh agus scaipeadh domhainbhrionnuithe gáirsiúla agus íomhánna domhainbhrionnaithe de dhuine lomnocht.

**Is í an Treoir maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chomhrac (an Treoir maidir le Foréigean in aghaidh na mBan)** príomhuirlis an Aontais chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac. Cuireann an Treoir creat dlíthiúil láidir ar fáil lena gcoisctear foréigean agus lena gcosnaítear íospartaigh ar fud an Aontais. Déanann sé cionta ciorrú ball giniúna ban, pósadh éigeantais agus roinnt cineálacha cibearfhoréigin inscnebhunaithe a choiriúlú[13]. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i dtrasuí na Treorach a luaithe is féidir (sprioc-am: 14 Meitheamh 2027) agus an cur chun feidhme éifeachtach ina dhiaidh sin, lena n-áirítear trí cheardlanna cur chun feidhme agus malartuithe déthaobhacha a eagrú. Tabharfar aird ar leith ar na forálacha maidir le cionta cibearfhoréigin, ábhar neamhdhleathach a bhaint, bealaí tuairiscithe inrochtana ar líne agus sainseirbhísí d'íospartaigh cibearchoireachta.

Tacóidh an Coimisiún le hathchóirithe náisiúnta lena gcuirfear i bhfeidhm sainmhínithe ar éigniú bunaithe ar choincheap an toilithe. Ag tógáil ar a thogra in 2022 le haghaidh na Treorach maidir le Foréigean in aghaidh na mBan, ina raibh sainmhíniú uile-Aontais ar éigniú, tabharfaidh an Coimisiún a **mhapáil ar an tírdhreach dlíthiúil san Aontas** cothrom le dáta d'fhonn **tuilleadh gníomhaíochta** a shainaithint, **lena n-áirítear gníomhaíocht reachtach**, **chun a áirithiú go saineofar gnéas gan toiliú mar éigniú ar fud an Aontais.** Tacóidh an Coimisiún freisin leis na Ballstáit Airteagal 35 den Treoir maidir le Foréigean in aghaidh na mBan a chur chun feidhme, lena gceanglaítear orthu ábhar oideachais a chur ar fáil agus a dháileadh lena gcuirtear chun cinn an tuiscint nach mór toiliú a thabhairt go deonach mar thoradh ar shaorthoil duine, ar urraim fhrithpháirteach, agus ar an gceart chun sláine gnéis agus féinriar colainne, lena n-áirítear trí threoir a chur ar fáil de réir mar is gá.

Tacóidh an Coimisiún freisin leis na Ballstáit a b**pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac**[14], pleananna atá le cur i gcrích faoi mhí an Mheithimh 2029. Leanfar de chur chun feidhme na Treorach maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus na bpleananna náisiúnta trí

[12] Féach an tuarascáil ó Security Hero ó 2023.
[13] Comhroinnt neamhthoiliúil ábhair phearsanta nó ionramháilte, cibearstalcaireacht, cibirchiapadh agus cibirghríosú chun foréigin nó fuatha.
[14] Airteagal 39, an Treoir maidir le Foréigean in aghaidh na mBan.

dhea-chleachtais a chomhroinnt idir na Ballstáit, lena n-áirítear tríd an g**Clár Foghlama Frithpháirtí i leith Comhionannas Inscne** agus tríd an **Líonra chun Foréigean Inscnebhunaithe agus Teaghlaigh a Chosc**.

Thairis sin, áirithítear leis an **Treoir maidir le Cearta Íospartach**[15] go dtairbheoidh íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe de rochtain níos fearr ar sheirbhísí tacaíochta comhtháite agus ar chúnamh dlíthiúil, tuairisciú éascaithe coireachta, cosaint níos fearr dá sonraí pearsanta agus bearta cosanta neartaithe.

Tá ról lárnach ag údaráis forfheidhmithe dlí agus ag údaráis ionchúisimh maidir le foréigean teaghlaigh agus feimeamharú a chosc agus a chomhrac. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar a gcumas rioscaí a bhrath go pras agus idirghabháil a dhéanamh chun sábháilteacht íospartach a áirithiú agus chun deireadh a chur le saoirse ó phionós. Dá bhrí sin, cuideoidh an Coimisiún le treoirlínte a **fhorbairt chun cásanna foréigin in aghaidh na mban a chosc, a bhrath, a láimhseáil go héifeachtúil agus a ionchúiseamh**, agus ar an gcaoi sin sineirgí a lorg le líonraí, gníomhaíochtaí agus saineolas ghníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe Europol, Eurojust agus CEPOL. Mar chuid den obair sin, féachfaidh an Coimisiún ar conas **comhar trasteorann a éascú** idir na húdaráis ábhartha, rud atá riachtanach go háirithe chun dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe, ina mbíonn déantóirí coire, íospartaigh, ardáin agus freastalaithe atá lonnaithe i ndlínsí éagsúla rannpháirteach go minic. Beidh sé sin fíor-riachtanach ionas nach mbainfidh déantóirí coire leas as bearnaí dlínse agus nach seachnóidh siad cuntasacht, rud a fhágfaidh íospartaigh gan cosaint ná leigheas éifeachtach.

Aithnítear sa **Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha** gur riosca sistéamach é an foréigean inscnebhunaithe[16], nach mór do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne a mheasúnú agus a mhaolú. Sa chomhthéacs sin, mar shampla, tá imscrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún féachaint an ndearna soláthraí X measúnú agus maolú cuí ar rioscaí do scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh amhail íomhánna gnéasacha mí-ionramháilte sainráite i ndáil le feidhmiúlachtaí IS Grok a chur in úsáid. Tá imscrúduithe leanúnacha ar siúl ag an gCoimisiún freisin in aghaidh soláthraithe ceithre ardán ar líne a scaipeann ábhar pornagrafach chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ag mionaoisigh ar ábhar den sórt sin. Leanfaidh an Coimisiún d'fhorfheidhmiú dian na gcásanna sin agus na reachtaíochta ina hiomláine a áirithiú.

Chun bonn eolais a chur faoin bhforfheidhmiú sin, leanfaidh an Coimisiún freisin dá chuid **oibre faireacháin riosca agus bailithe fianaise** faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, lena n-áirítear trí staidéir thiomnaithe a thacaíonn leis an measúnú ar rioscaí sistéamacha a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe. An tráth céanna, saothróidh an Coimisiún **idirphlé rialála struchtúrtha le hardáin an-mhór ar líne** chun comhlíonadh a neartú. Bunaithe ar anailís ar rioscaí, agus i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta, úsáidfidh an Coimisiún **na huirlisí uile atá ar fáil chun maolú éifeachtach rioscaí in aghaidh foréigean inscnebhunaithe a**

[15] Féach Neartaíonn an tAontas cosaint agus tacaíocht d'íospartaigh na coireachta - Consilium.
[16] Airteagal 34(1)(d) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

**áirithiú**, lena n-áirítear, i gcás inar gá, **treoirlínte** a eisiúint maidir le h**ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne.** Tá na treoirlínte sin beartaithe sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus tá siad ceaptha chun dea-chleachtais a chur i láthair agus bearta féideartha a mholadh i ndáil le rioscaí sonracha – sa chás seo iad siúd a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe. Is féidir leo cuidiú leis an gCoimisiún a leagan amach cé na bearta a mheasann sé ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne a chur i bhfeidhm chun a n-oibleagáidí faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a chomhlíonadh.

Ar an gcaoi chéanna, déanfaidh an Coimisiún obair leantach le hardáin ar líne chun a áirithiú go bhfuil **Treoirlínte 2025 an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le Cosaint Mionaoiseach** á gcur chun feidhme acu, ina míníonn an Coimisiún na bearta ba cheart do sholáthraithe ardán ar líne a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal príobháideachais, slándála agus sábháilteachta a áirithiú do mhionaoisigh ar a seirbhísí, lena n-áirítear bearta chun cosc a chur ar scaipeadh neamh-inmhianaithe ábhair ghnéasaithe nó dhlúthphearsanta leanaí. Tá iarrataí ar fhaisnéis déanta ag an gCoimisiún agus leanfaidh sé de bheith i dteagmháil le roinnt soláthraithe ardán an-mhór ar líne maidir leis an gcaoi a mbainistíonn siad na rioscaí a bhaineann le húsáideoirí a bheith in ann aipeanna neamhdhleathacha nó díobhálacha a íoslódáil, lena n-áirítear aipeanna 'bréag-lomnocht' mar a thugtar orthu.

Cuideoidh an Coimisiún freisin le hacmhainneacht na gcomharthóirí iontaofa maidir leis an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe a fhorbairt, chun a áirithiú go ndéanfar níos mó ábhair den sórt sin a mharcáil do sholáthraithe ardán ar líne. Eiseoidh sé **treoirlínte maidir le comharthóirí iontaofa**, arb é is aidhm dóibh soiléiriú a dhéanamh ar an ról atá acu maidir le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe. Cuideoidh na treoirlínte sin freisin le soiléiriú a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe ardán ar líne maidir le fógraí a fhaightear ó chomharthóirí iontaofa.

Réimse eile ar a dtugtar aird is ea íospartaigh foréigin inscnebhunaithe ar leanaí iad a chosaint. Cinnteoidh an Coimisiún go bhforfheidhmeofar forálacha dlíthiúla an Aontais maidir le híospartaigh ar leanaí iad a chosaint. Neartófar na hiarrachtaí sin trí **Phlean Gníomhaíochta maidir le Leanaí a Chosaint ar an gCoireacht**, rud a chuideoidh freisin leis an bhforéigean in aghaidh cailíní a chomhrac agus leis an timpeallacht dhigiteach a dhéanamh níos sábháilte dóibh. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún a **Phlean Gníomhaíochta in aghaidh na Cibearbhulaíochta**, inar cuireadh i dtábhacht go ndírítear go díréireach ar mhná agus ar chailíní, agus inar iarradh ar na Ballstáit beartais chuimsitheacha náisiúnta frithbhulaíochta a bhunú.

Is mná agus cailíní iad formhór na n-íospartach gáinneála, a ndéantar gáinneáil orthu le haghaidh teacht i dtír gnéasach den chuid is mó[17]. Áirítear sa **Treoir maidir le Frithgháinneáil** cur chuige inscne-íogair agus freagairt neartaithe. In 2026, cuirfidh an Coimisiún **Straitéis nua**

[17] Eurostat (*Trafficking in human beings statistics - Statistics Explained* [Staitisticí maidir le gáinneáil ar dhaoine - Míniú ar Staitisticí]).

i láthair chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, go háirithe mná agus leanaí.

Tá sonraí láidre ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach gné den fhoréigean inscnebhunaithe. Maoineoidh an Coimisiún an **dara sraith leathnaithe den suirbhé uile-Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe**, lena gcumhdófar cineálacha nua cibearfhoréigin freisin, a dhéanfaidh Eurostat. Tacóidh an Coimisiún agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) freisin leis na Ballstáit **feabhas a chur ar bhailiú sonraí riaracháin maidir le foréigean inscnebhunaithe**.

Leanfaidh an Coimisiún de chistiú a thairiscint chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac trí **shraith Daphne den chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna**, agus buiséad EUR 200 milliún aige don tréimhse 2021-2027[18]. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint de sin a dhéanamh faoi **Chlár AgoraEU atá beartaithe** i gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2028-2034, faoi choinníoll caibidlíocht idirinstitiúideach. Thairis sin, tacóidh an Coimisiún le **tionchar fadtéarmach na dtionscadal** trí infheictheacht a dtorthaí a chur chun cinn, malartuithe idir comhpháirtithe tionscadail a spreagadh agus gníomhaíochtaí le haghaidh uas-scálú a shainaithint.

Rannchuideoidh na hiarrachtaí sin go léir le cur chun feidhme éifeachtach an Aontais ar **Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl)** ar aontaigh an tAontas dó in 2023. Tá sé fíor-thábhachtach cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a áirithiú, lena n-áirítear trí obair leantach a dhéanamh ar thuarascáil mheastóireachta bhonnlíne 2027 ón nGrúpa Saineolaithe neamhspleách um Ghníomhaíocht in aghaidh Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh agus trí mholtaí ina dhiaidh sin a chur chun feidhme. **Iarrann** an Coimisiún an athuair **ar na Ballstáit uile Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú agus a chur chun feidhme go hiomlán** mar an príomhchreat idirnáisiúnta chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac.

**Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:**

- ✓ Tacú leis na Ballstáit an Treoir maidir le Foréigean in aghaidh na mBan a thrasuí agus a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh ar phleananna náisiúnta, agus treoirlínte a fhorbairt d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis ionchúisimh, lena n-áirítear maidir le comhar trasteorann (2026-2030);
- ✓ Mapáil thírdhreach dlíthiúil na reachtaíochta maidir le héigniú a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar choincheap an toilithe ar fud an Aontais, d'fhonn gníomhaíocht bhreise ón Aontas (2027) a shainaithint;

[18] Mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn an cistiú uile a luaitear sa Straitéis sin do chistiú faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a bheidh ar siúl go dtí 2027. Níl aon chistiú a bheidh ann amach anseo mar chuid de CAI 2028-2034 deimhnithe go fóill, faoi choinníoll caibidlíocht idirinstitiúideach.

- ✓ Idirphlé rialála struchtúrtha a shaothrú le hardáin an-mhór ar líne maidir le cibearfhoréigean inscnebhunaithe agus cuidiú le hacmhainneacht na gComharthóirí Iontaofa a fhorbairt;
- ✓ Tacú le cur chun feidhme an chéad suirbhé eile de chuid an Aontais maidir le foréigean inscnebhunaithe (2027-2028) agus le bailiú sonraí riaracháin (2026-2030).

***

***Prionsabal 2 den Treochlár: Na caighdeáin is airde sláinte coirp agus meabhairshláinte***

**Bíonn tionchar nach beag ag neamh-chomhionannas inscne ar rochtain ar chúram sláinte.** Bíonn tionchar ag raon bacainní inscne-shonracha ar mhná maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte agus déanann **easpa taighde leighis, easpa diagnóisice agus easpa cóireálacha inscne-íogair** difear dóibh freisin[19]. Mar shampla, níl dóthain feasachta ann go bhfuil rioscaí agus siomptóim roinnt galar, amhail galair chardashoithíocha, éagsúil idir fir agus mná. Thairis sin, is minic a bhíonn an tsaincheist sin in easnamh i gcuraclaim oideachais leighis. Is féidir le noirm inscne a bhaineann leis an bhfearúlacht thraidisiúnta dochar a dhéanamh do shláinte na bhfear agus na mbuachaillí freisin, lena n-áirítear cur in aghaidh cúnamh a lorg agus rannpháirtíocht in iompraíochtaí díobhálacha a mhéadú. Ina theannta sin, déanann **neamh-chomhionannas trasnacha** na bacainní ar rochtain ar chúram sláinte níos measa agus d'fhéadfadh idirdhealú sa chóireáil a bheith mar thoradh orthu, mar shampla do mhná faoi mhíchumas, do mhná imirceacha, do mhná i gcásanna leochaileachta airgeadais, do mhná LADTIA+, do mhná Romacha nó do mhná i gceantair thuaithe agus iargúlta.

Chun sláinte na mban a chur chun cinn, ní mór **oiliúint gairmithe cúraim sláinte** a neartú. Is féidir le hábhar inscne-fhreagrúil i gcuraclaim leighis, altranais agus sláinte eile le linn na hoiliúna agus na saolré gairmiúla cuidiú lena áirithiú go mbeidh tuiscint níos fearr ag gairmithe cúraim sláinte ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag galair éagsúla i mná, ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag tosca riosca a bhaineann le hinscne ar thorthaí, agus ar an gcaoi a gcuireann claontachtaí struchtúracha le mídhiagnóis agus le cúram moillithe.

Tá dúshláin fós ann maidir le **rochtain na mban ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe** a chur chun cinn. Tá an **rochtain ar fhrithghiniúint** fós míchothrom ar fud an Aontais agus tá réitigh fhrithghiniúnacha mhalartacha d'fhir tearcfhorbartha. Thairis sin, tá an **iomarca ban agus cailíní ann nach bhfuil rochtain acu ar tháirgí míosta inacmhainne**[20]. Níl aird leordhóthanach tugtha ar eispéiris agus riochtaí sláinte na mban, amhail **míostrú, meanapás, inmheatróis, agus dúlagar iarthuismidh** i dtaighde nó cóireáil sláinte[21].

Tá **inscne príomhshruthaithe i dtaighde sláinte ag an gCoimisiún agus tá cistiú spriocdhírithe curtha ar fáil aige** maidir le saincheisteanna sláinte na mban amhail inmheatróis agus siondróm polaichisteach ubhagán faoin gClár Réime um Thaighde agus um

[19] Féach, mar shampla: Fócas téamach 2021 na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ar an tsláinte.
[20] Faisnéisiú 2025 ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht mhíosta san Aontas.
[21] Féach, mar shampla: Tuarascáil 2025 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Neamh-chomhionannas Inscne sa Taighde Leighis, san Fhorbairt Drugaí agus sa Rochtain ar Chúram.

Nuálaíocht (Fís 2020 agus Fís Eorpach)[22]. Ina theannta sin, rinne sé gné na hinscne a chomhtháthú i bPlean Sáraithe Ailse an Aontais[23] agus sa Phacáiste Sláinte, lena n-áirítear an Plean um Chroí Sábháilte.

Seolfaidh an Coimisiún **tionscnamh nua leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS)** chun féachaint ar bhealaí chun **cáilíocht agus inrochtaineacht chúram sláinte na mban a fheabhsú**, lena n-áirítear dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Cuirfidh an tionscadal deiseanna ar fáil chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an anailís a dhéantar ar neamh-chomhionannas inscne, cuideoidh sé le lucht ceaptha beartas tosaíochtaí a shainaithint agus cuirfidh sé réitigh fhianaisebhunaithe ar fáil do shláinte na mban. Is féidir lena thorthaí cuidiú le príomhshruthú inscne a neartú i ngach tionscnamh a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear taighde sláinte arna chistiú ag an Aontas.

Maoineoidh an Coimisiún **staidéar** freisin **ar na tairbhí maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha agus sochaíocha maidir le bearna sláinte na mban a dhúnadh, ar bearna é a bhaineann le riochtaí áirithe**, amhail meanapás. Chun a áirithiú go mbeidh táirgí íocshláinte sábháilte agus éifeachtach do chách, déanfaidh an Coimisiún, in éineacht leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, imscrúdú ar a indéanta atá sé **seiceáil** chórasach **atá inscne-íogair a fhorbairt i saolré tháirge an leighis dhaonna**, lena n-áirítear taighde agus forbairt. Cuirfidh sé sin leis an obair ar thrialacha cliniciúla atá inscne-íogair laistigh de Thrialacha Cliniciúla Luathaithe i dtionscnamh an Aontais, ós rud é go n-áirithítear le reachtaíocht chógaisíochta an Aontais, lena n-áirítear an Treoir maidir le Táirgí Íocshláinte, nach n-údaraítear ach táirgí íocshláinte a chomhlíonann ceanglais cháilíochta, sábháilteachta agus éifeachtúlachta do gach othar. Thairis sin, ní mór breathnú ar **an athbhreithniú atá beartaithe ar an Rialachán um Thrialacha Cliniciúla** faoi Ghníomh an Aontais um an mBith-theicneolaíocht chun a áirithiú go **léireoidh trialacha éagsúlacht an daonra agus go bhfeabhsófar cóireálacha do ghrúpaí leochaileacha**. Ina theannta sin, ní dhéanfar mná a éiríonn torrach nó a thosaíonn ag cothú linbh ar an gcíoch a eisiamh go huathoibríoch ó rannpháirtíocht sa triail. Glacfaidh an Coimisiún cur chuige inscne-fhreagrúil freisin agus rochtain agus infhaighteacht ar **fhrithbhearta leighis** á gcinntiú aige, amhail vacsaíní, teiripí, diagnóisic, agus trealamh cosanta pearsanta.

Agus lánurraim á tabhairt do na Conarthaí, agus go háirithe do fhreagrachtaí na mBallstát maidir lena mbeartas sláinte a shainiú lena n-áirítear ceisteanna bitheiticiúla agus maidir le seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú, chun sláinte na mban a chosaint trí thacú le gníomhaíocht sláinte na mBallstát maidir le rochtain na mban ar **shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe** agus í a chomhlánú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **mapáil a dhéanamh ar chleachtais agus ar chreataí idirnáisiúnta** sa réimse sin. Tá sé beartaithe aige freisin **creat agus modheolaíocht a fhorbairt le haghaidh bailiú córasach sonraí** chun feabhas a chur ar an mbonn fianaise maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Ina theannta sin, tá sé

[22] Faoi 2025 faoin gclár Fís 2020 agus faoin gclár Fís Eorpach, bhí os cionn 2 bhilliún euro infheistithe ag an Aontas i mbreis agus 1 000 tionscadal a bhí dírithe ar shláinte na mban. Féach: Taighde agus Nuálaíocht an Aontais maidir le Sláinte na mBan.
[23] Féach: Tuarascáil anailíseach 2026 | Clárlann Éagothromaíochtaí Ailse na hEorpa.

beartaithe ag an gCoimisiún tacú le tionscnaimh arb é is aidhm dóibh **rochtain ar fhrithghiniúint san Aontas a fheabhsú**, chun infhaighteacht agus inrochtaineacht a fheabhsú.

Thairis sin, i mí Feabhra 2026, thug an Coimisiún a [fhreagra]() ar **'Mo Ghuth, Mo Rogha: Ar mhaithe le Ginmhilleadh Sábháilte Inrochtana', Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.** Aithnítear sa fhreagra gur ceist sláinte poiblí é ginmhilleadh neamhshábháilte, agus cuirtear i bhfios go láidir go bhféadfaidh na Ballstáit, más mian leo, Ciste Sóisialta na hEorpa+ a úsáid chun feabhas a chur ar rochtain chomhionann ar sheirbhísí ginmhillte sábháilte atá ar fáil go dlíthiúil agus atá inacmhainne.

| **Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:** |
|---|
| ✓ Tionscnamh nua a sheoladh leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le sláinte na mban (2026);<br>✓ Staidéar a sheoladh ar na tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha maidir le bearna sláinte na mban a dhúnadh, ar bearna é a bhaineann le riochtaí áirithe, amhail meanapás (2028);<br>✓ Tacú le gníomhaíocht sláinte na mBallstát maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe trí chleachtais agus creataí idirnáisiúnta a mhapáil (2028);<br>✓ Freagra an Choimisiúin ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh: 'Mo Ghuth, Mo Rogha: Ar mhaithe le Ginmhilleadh Sábháilte Inrochtana' a chur chun feidhme (2026-2027). |

***

| ***Prionsabal 3 den Treochlár: Pá comhionann, cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais*** |
|---|

**Tuilleann mná 12 % níos lú ar an meán in aghaidh na huaire ná fir san Aontas go fóill**[24], rud a léiríonn neamh-chomhionannas inscne leanúnach i margadh an tsaothair. Is éard atá i gceist le dul i ngleic leis sin ná éagóir a cheartú agus Conarthaí an Aontais agus an Chairt um Chearta Bunúsacha[25] a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin leas a bhaint as acmhainneacht eacnamaíoch an chomhionannais inscne fheabhsaithe.

Is deis chinniúnach í **[an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá]()** chun dul i ngleic le hidirdhealú pá agus le tearcluacháil post ina mbíonn mná i bhfad níos líonmhaire, ar bunchúiseanna iad leis an mbearna phá idir na hinscní. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an Treoir seo a **chur chun feidhme go héifeachtach agus go tráthúil**. I gcomhar leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, foilseoidh sé **sraith straitéisí** in 2026 **maidir le meastóireacht agus aicmiú inscne-neodrach ar phoist**. Áireofar sa tsraith straitéisí uirlisí saincheaptha chun cuidiú le cuideachtaí beaga agus meánmhéide na próisis sin a chur i gcrích go hinmheánach, gan gá le comhairleoireacht sheachtrach. Thairis sin, cuirfidh an Coimisiún **cistiú breise ar fáil chun tacú le** cur chun feidhme na Treorach agus eagróidh sé

[24] [Staid na bearna pá idir na hinscní san Aontas - an Coimisiún Eorpach]().
[25] Airteagal 157 CFAE agus Airteagal 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

**ceardlann do chomhpháirtithe sóisialta** maidir leis an gcaoi ar féidir leo tacú lena cur chun feidhme.

Ina theannta sin, tagraítear sa Treoir maidir le Trédhearcacht Pá do na forálacha i dTreoracha 2014 maidir le Soláthar Poiblí, agus ceanglaítear léi ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí a bhaineann le prionsabal an phá chomhionainn i bhfeidhmiú conarthaí poiblí[26].

Bíonn deacrachtaí ag mná ar fud an Aontais freisin rochtain a fháil ar infheistíocht, rud a chuireann bac nach beag ar chuideachtaí atá faoi stiúir ban. In aghaidh gach EUR 100 d'infheistíocht caipitil fiontair, téann níos lú ná EUR 3 chuig foirne faoi stiúir ban, agus ní théann ach EUR 15 chuig foirne inscne measctha[27]. Tá sé ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais an **bhearna infheistíochta sin idir na hinscní** a dhúnadh. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach an **bhearna litearthachta airgeadais**[28] idir na hinscní a dhúnadh chun borradh a chur faoi fhiontraíocht agus infheistíocht na mban, agus chun mná a chumhachtú sa chinnteoireacht airgeadais.

Tá ról ríthábhachtach ag **spriocanna maoinithe inscne-chliste** maidir le comhaontuithe a chur chun feidhme le haghaidh **cistiú infheistíochta ón Aontas** chun rochtain ar chistiú a fheabhsú. Agus leas á bhaint as taithí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) – comhpháirtí cur chun feidhme faoi InvestEU, a sháraigh go mór an **sprioc maoinithe inscne-chliste** 25 % atá ann faoi láthair – molfaidh an Coimisiún spriocanna inscne-chliste a leathnú a thuilleadh i gcomhthéacs na gclár maoinithe a bheidh ann amach anseo. I gcomhar le Grúpa BEI, leanfaidh an Coimisiún de ghníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú d'fhiontraithe ban san Aontas agus chun ionadaíocht na mban san earnáil airgeadais a mhéadú (amhail tríd an tSaotharlann Airgeadais Inscne). Le cláir amach anseo amhail an **Ciste Eorpach um Iomaíochas** (faoi choinníoll caibidlíocht idirinstitiúideach), d'fhéadfaí tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbairt gnó faoi stiúir na mban agus fiontraíocht na mban a chur chun cinn. Ina theannta sin, beidh sé d'aidhm ag cur chun feidhme na **Straitéise um Litearthacht Airgeadais** a cur chuige inscne-fhreagrúil a threisiú. Le tionscnamh ESTEAM, arb é is aidhm dó inniúlachtaí digiteacha agus fiontraíochta na mban agus na gcailíní a fheabhsú, cuirfear oiliúint ar thart ar 10 000 cailín agus bean faoi 2028.

Thairis sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme **Threoir 2004/113 maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí** agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí agus déanfaidh sé tástáil struis **Treoir 2010/41 maidir le hobair fhéinfhostaithe.** Is é an aidhm atá ann a shainaithint cén fáth nach mbaintear dóthain úsáide as na treoracha faoi láthair cé go bhfuil dúshláin maidir le comhionannas inscne fós ann sa dá réimse. Cuirfidh sé sin bonn

[26] Soláthar Poiblí Inscne-fhreagrúil: Sraith straitéisí céim ar chéim |An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.
[27] Tuarascáil 2025 ó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide maidir leis an mbearna infheistíochta idir na hinscní a dhéanann difear do chuideachtaí atá faoi stiúir ban agus do chistí infheistíochta atá faoi stiúir ban araon.
[28] Foinse: Eurostat *Monitoring the level of financial literacy in the EU* [Faireachán a dhéanamh ar leibhéal na litearthachta airgeadais san Aontas] - Iúil 2023 - Suirbhé Eorabharaiméadair.

fianaise cuimsitheach ar fáil le haghaidh gníomhaíocht amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i raon feidhme agus i gcur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana.

Tá **mná**, go háirithe mná atá leochaileach, **i mbaol níos mó bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta** ar fud an Aontais. Mar shampla, bíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí aonair, ar mná iad den chuid is mó, greim a choinneáil faoin bhfiacail agus bíonn orthu aghaidh a thabhairt ar riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta atá dhá oiread níos mó ná an riosca sin don phobal i gcoitinne. Sa **Mholadh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach** iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an fhéidearthacht ann a iarraidh go gcuirfear an t-ioncam íosta ar fáil do bhaill aonair an teaghlaigh. Is féidir le sochair aonair comhionannas inscne, slándáil ioncaim agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a chur chun cinn. Amach anseo, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gné láidir inscne a chomhtháthú sa **chéad Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta riamh**.

I gcomhréir leis an b**Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne**, molfaidh an Coimisiún **Moladh ón gComhairle maidir le heisiamh tithíochta a chomhrac** chun bailiú cuimsitheach sonraí a chur chun cinn agus chun tacú le daoine leochaileacha i staideanna tithíochta forbhásacha, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair (mná is mó), daoine scothaosta (maireann mná níos faide) agus íospartaigh foréigin inscnebhunaithe. Foilseoidh an Coimisiún **staidéar freisin maidir le neamh-chomhionannas tithíochta agus idirdhealú tithíochta**, agus cur chuige trasnach á ghlacadh aige.

Bíonn tionchar ag an m**bochtaineacht mhíosta agus an bhochtaineacht mheanapáis** ar go leor ban ar fud an Aontais. Cé nach féidir rátaí laghdaithe CBL a dhíriú ar ghrúpaí ar ioncam íseal (nó ar aon ghrúpa sonrach), d'fhág an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le CBL in 2022 go raibh na Ballstáit in ann ráta laghdaithe nó ráta 0 % a chur i bhfeidhm ar tháirgí sláinteachais ban. I measc na mbeart eile a d'fhéadfaí a dhéanamh, ar féidir iad a dhíriú níos fearr orthu siúd atá i ngátar, tá táirgí míosta a dhéanamh saor in aisce nó dáileadh táirgí míosta saor in aisce ar ghrúpaí sonracha a eagrú. Eagróidh an Coimisiún **malartú dea-chleachtas maidir le bearta chun an bhochtaineacht mhíosta agus an bhochtaineacht mheanapáis a chomhrac go héifeachtach** ar an leibhéal náisiúnta.

Is é 25 % fós an **bhearna phinsin idir na hinscní** san Aontas[29], rud a fhágann gur mó an baol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta do mhná scothaosta ná d'fhir scothaosta. Leagtar béim sa **Straitéis um an gCothroime Idirghlúine** ar an gcaoi a leathnaíonn na neamh-chomhionannais san fhostaíocht, i bpá agus i bhfreagrachtaí cúraim bearnaí idir na hinscní ó thaobh na slándála ioncaim agus pinsean de níos déanaí sa saol. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bearna pinsin idir na hinscní, lena n-áirítear sosanna gairme, fostaíocht pháirtaimseartha, agus coigilteas neamhleor, agus chun dearadh an chórais pinsin a oiriúnú, chun an bhearna a dhúnadh. Chuige sin, **féachfaidh** an Coimisiún **ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí mhargadh an tsaothair agus ar ghnéithe ábhartha den chóras pinsin lena spreagtar an bhearna phinsin idir na hinscní**, agus

[29] Foinse: Eurostat (Pinsean na mban 25 % níos ísle ná pinsean na bhfear in 2024).

déanfaidh sé malartú dea-chleachtas a mhapáil agus tacú leis chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna. Feabhsóidh an Coimisiún faireachán ar an mbearna agus ar na bunchúiseanna atá léi faoin **Scórchlár Sóisialta** agus cuirfidh sé moltaí ar aghaidh faoin **Seimeastar Eorpach**. Thairis sin, déantar prionsabal an chomhionannais deiseanna do mhná agus d'fhir cearta pinsin a fháil a chur chun feidhme faoi **Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**. Cuirfidh an Coimisiún anailís ar fáil freisin ar staid na mban scothaosta agus ar na bearnaí idir na hinscní i sochair phinsin agus i mbochtaineacht i d**Tuarascáil 2027 maidir le Cosaint Shóisialta Leordhóthanach sa Seanaois**.

**Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:**

- ✓ Sraith straitéisí a fhoilsiú, in éineacht leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, maidir le meastóireacht agus aicmiú inscne-neodrach post, agus tacú le comhpháirtithe sóisialta i gcur chun feidhme na Treorach maidir le Trédhearcacht Pá (2026);
- ✓ Tuarascáil a fhoilsiú ar Threoir 2004/113/CE maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí (2029) agus tástáil struis a dhéanamh ar Threoir 2010/41/AE maidir le féinfhostaíocht (2028);
- ✓ Malartú dea-chleachtas a mhapáil agus tacú leis chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phinsin idir na hinscní agus féachaint ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá léi (2026-2030).

***

***Prionsabal 4 den Treochlár: Cothromaíocht oibre agus saoil agus comhionannas inscne i gcúram***

**Bíonn deacrachtaí ag go leor ban a saol gairmiúil agus a saol príobháideach a chomhcheangal**, toisc go leanann siad de bheith ag seasamh **an sciar is mó de fhreagrachtaí cúraim agus teaghlaigh gan íocaíocht**. Caitheann níos mó ná dhá oiread sciar na mban (41 %) ná sciar na bhfear (20 %) san Aontas níos mó ná 35 uair an chloig in aghaidh na seachtaine i mbun dualgas cúraim leanaí[30]. Tá freagrachtaí cúraim i measc na bpríomhchúiseanna a n-oibríonn mná go páirtaimseartha nó a bhfuil siad neamhghníomhach go heacnamaíoch[31]. Tá sé ríthábhachtach glacadh saoire teaghlaigh agus socruithe solúbtha oibre ag aithreacha agus ag cúramóirí fireanna a mhéadú chun **an bhearna chúraim sin idir na hinscní** a dhúnadh agus cuideoidh sé le fir tairbhe níos mó a bhaint as a gcearta. Thairis sin, d'ainneoin infheistíochtaí nach beag faoin t**Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** chun seirbhísí cúraim leanaí a thógáil agus a leathnú[32], níl rochtain fós ag go leor teaghlach ar **oideachas agus cúram luath-óige nó ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne**, rud a chuireann bac ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair. Tá **earnáil an chúraim féin an-leithscartha ó thaobh inscne de**, le pá atá íseal ó thaobh struchtúir de agus dálaí oibre deacra, rud a éilíonn gníomhaíocht inscne-fhreagrúil.

[30] an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne *Sharing Care_Closing the Gender Gaps Survey_2024*.
[31] Féach tuarascáil taighde Eurofound 2025 maidir le Cúram neamhíoctha san Aontas Eorpach.
[32] Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta - Anailís théamach_Comhionannas_2023.

Leagtar amach sa **Straitéis Eorpach um Chúram** creat le haghaidh seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana agus feabhas a chur ar staid na gcúramóirí agus na bhfaighteoirí cúraim araon. Leis an **Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre agus Saoil** bunaítear creat dlíthiúil láidir chun a áirithiú go mbeidh socruithe solúbtha oibre agus saoire teaghlaigh ar íocaíocht leordhóthanach ar fáil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, lena spreagtar d'aithreacha saoire atharthachta agus saoire teaghlaigh a ghlacadh. Áirítear sa togra le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta a bheidh ann amach anseo an fhéidearthacht go gcuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil do Sheirbhísí um Fhaoiseamh Feirmeoireachta, rud a chuirfidh ar a gcumas d'fheirmeoirí saoire do thuismitheoirí agus saoire cúraim teaghlaigh a ghlacadh. Leis an **Moladh ón gComhairle maidir le Spriocanna Barcelona do 2030**, gheall na Ballstáit spriocanna maidir le rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige chomh maith le caighdeáin maidir le cáilíocht agus inacmhainneacht a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, leis an **Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán**, gheall na Ballstáit feabhas a chur ar sheirbhísí agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lucht saothair.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme na **Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre agus Saoil** ag na Ballstáit uile agus **tuairisceoidh** sé air sin faoi 2028. Beidh **dhá staidéar** ag gabháil leis an tuarascáil sin maidir leis na cearta chun saoire teaghlaigh do dhaoine féinfhostaithe, agus maidir le hidirghníomhaíochtaí idir na saoire dá bhforáiltear sa Treoir agus cineálacha eile saoire a bhaineann leis an teaghlach. Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh freisin ar **steiréitíopaí** leanúnacha **as a n-eascraíonn easpa glactha saoire ag fir** agus tacóidh sé le **faireachán a dhéanamh ar ghlacadh saoire ag fir** trí na Ballstáit a spreagadh chun creat an táscaire cothromaíochta oibre agus saoil a ghlacadh, creat a forbraíodh go comhpháirteach sna coistí comhairleacha don Chomhairle Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta[33]. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún **tuarascálacha i láthair maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le spriocanna Barcelona** agus **maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le cúram fadtéarmach.** Thairis sin, tabharfaidh **Fóram Déimeagrafaíochta** an Aontais aghaidh ar ghnéithe comhionannais inscne d'fhorbairtí déimeagrafacha, agus leas á bhaint as sonraí ón **Tuarascáil Déimeagrafaíochta**.

Tugtar aird ar leith i gcónaí ar **dhálaí oibre in earnáil an chúraim.** Saintréith den earnáil sin ina bhfuil mná níos líonmhaire is ea tuarastail ísle, níos mó conarthaí oibre forbhásaí ná mar atá in earnálacha eile, agus sceidil oibre fhánacha, easpa cómhargála agus easpa rochtana ar oiliúint. Bunaíodh coiste um idirphlé sóisialta earnála ar an leibhéal Eorpach chun tacú leis an idirphlé sóisialta san earnáil. Tá oibrithe tí, a mbaineann cúlra imirceach leo go minic, an-leochaileach. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Coimisiún ar na Ballstáit **Coinbhinsiún 189 EIS** maidir le h**obair chuibhiúil d'oibrithe tí** a dhaingniú agus a chur chun feidhme.

Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach faoin Straitéis Eorpach um Chúram, déanfaidh an Coimisiún **Idirphlé Cur Chun Feidhme maidir le Cúram**. Leis an idirphlé sin, déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le soláthar seirbhísí

[33] Féach: Creataí faireacháin agus tagarmharcála - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú.

oideachais agus cúraim luath-óige, seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, dálaí oibre cothroma agus oiliúint in earnáil an chúraim. Beidh an t-idirphlé mar bhonn eolais don **Chomhaontú Eorpach maidir le Cúram**, ina mbeidh gné láidir inscne. Leagfar amach ann sraith chuimsitheach beart chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hearnála cúraim agus an luchta saothair. Áirítear leis sin feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar fhorbairt gairme cúramóirí agus ar inacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chúraim. Leis an gComhaontú Cúraim, cuirfear chun cinn freisin rannpháirtíocht níos cothroime idir fir agus mná i gcúram foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus breathnófar ar infheistíocht i gcúram, fiosrófar na deiseanna a eascraíonn as an digiteáil agus as samhlacha éagsúla gnó, chun fostaíocht chothrom agus cúram ardcháilíochta a chur chun cinn.

**Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:**

- ✓ Tuarascáil a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre agus Saoil (2028);
- ✓ Tuarascálacha a fhoilsiú ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige agus an Mholta ón gComhairle maidir le cúram fadtéarmach (2027);
- ✓ Comhaontú cuimsitheach Eorpach maidir le Cúram a chur i láthair (2027).

***

***Prionsabal 5 den Treochlár: Comhdheiseanna fostaíochta agus dálaí oibre leordhóthanacha***

Is é is aidhm do phríomhsprioc 2030 an Aontais maidir le fostaíocht an **bhearna fostaíochta idir na hinscní** a laghdú faoina leath. Mar sin féin, tá ráta fostaíochta na mban fós 10 bpointe céatadáin níos ísle ná ráta fostaíochta na bhfear[34]. Measadh go raibh **caillteanas EUR 390 billiún do gheilleagar an Aontais in 2023 i gceist leis an mbearna sin amháin**[35]. Is ann don bhearna fostaíochta idir na hinscní mar thoradh ar bhacainní agus struchtúir dreasachta éagsúla, amhail iad siúd sna córais chánach náisiúnta, easpa socruithe solúbtha oibre agus pá éagothrom. Cuireann steiréitíopaí inscne bac ar go leor ban agus fear a spriocanna gairmiúla a shaothrú agus eascraíonn earnálacha ina mbíonn fir i bhfad níos líonmhaire agus earnálacha ina mbíonn mná i bhfad níos líonmhaire as na steiréitíopaí sin. Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní thar a bheith suntasach do mháithreacha, do mhná imirceacha agus do mhná Romacha, do mhná faoi mhíchumas agus do mhná i gceantair thuaithe.

Cuirfidh an Coimisiún feabhas ar an dearcadh inscne agus trasnach i ngníomhaíochtaí faoi **Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**, lena n-áirítear chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú. Leanfaidh sé freisin den éagsúlacht agus den chuimsiú a chur chun cinn trí **Ardán an Aontais Eorpaigh le haghaidh Cairteacha um an Éagsúlacht**, trí idirphlé a éascú agus trí threoraíocht a chur ar fáil, lena n-áirítear maidir le cleachtais chuimsitheacha earcaíochta.

[34] Staidreamh Inscne - Staidreamh arna Mhíniú - Eurostat.
[35] Preasráiteas Eurofound 2025: '*Mind the Gap! The Gender Employment Gap Cost Europe Over €390 Billion in 2023* [Seachain an Bhearna! Chosain an Bhearna Fostaíochtaí idir na hInscní os cionn €390 billiún ar an Eoraip in 2023]'.

Tá bacainní roimh mhná maidir le dul ar aghaidh chuig na hardleibhéil bhainistíochta, mar gheall ar steiréitíopaí inscne, idirdhealú, sosanna gairme (a bhaineann le freagrachtaí cúraim), agus easpa socruithe solúbtha oibre. Is creat reachtach tábhachtach í **an Treoir maidir le cothromaíocht inscne ar bhoird chorparáideacha** chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí inscne sa cheannaireacht chorparáideach. In 2026, tuairisceoidh an Coimisiún ar bhearta arna nglacadh ag na Ballstáit atá chomh héifeachtach céanna agus lenar féidir cur i bhfeidhm an nós imeachta roghnúcháin fiúntasbhunaithe a leagtar amach sa Treoir a chur ar fionraí. Cuirfidh an Coimisiún **measúnú cuimsitheach i láthair ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na Treorach** faoi 2029. Tá cothromaíocht inscne sa cheannaireacht agus sa rannpháirtíocht ríthábhachtach freisin sa riarachán poiblí chun a áirithiú go léireofar éagsúlacht na sochaí sa cheapadh beartas[36]. Laistigh dá eagraíocht féin, tá bearta déanta ag an gCoimisiún chun **paireacht inscne a bhaint amach i bpoist bhainistíochta**, rud a fhágann go bhfuil 49 % de na poist bhainistíochta líonta ag mná, suas ó 40 % in 2019. Leanfar den mhéid sin a bhaint amach le bearta spriocdhírithe, ós rud é gur tosaíocht pholaitiúil i gcónaí é an dul chun cinn a chomhdhlúthú.

Bíonn mná neamhchosanta freisin ar **rioscaí sonracha ag an obair** ar fud earnálacha agus cineálacha éagsúla oibre, lena n-áirítear mná in ionaid oibre shoghluaiste agus shéasúracha. D'fhulaing bean amháin as gach triúr san Aontas **gnéaschiapadh ag an obair**, figiúr a ardaíonn go 41.6 % i measc **mná idir 18-29 mbliana d'aois**[37]. Tá toirmeasc ar ghnéaschiapadh ag an obair i reachtaíocht an Aontais[38] ach tá easpa sásraí tiomnaithe coisctheacha, tuairiscithe agus tacaíochta d'íospartaigh ann. Cé go bhfuil creat láidir ag an Aontas maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun gnéaschiapadh ag an obair a chosc agus a leigheas mar riosca síceasóisialta, lena n-áirítear gníomhaíocht reachtach a d'fhéadfadh a bheith ann. Faoi chuimsiú an **Ghnímh um Poist Dea-cháilíochta**, ar bhonn fhreagraí na gcomhpháirtithe sóisialta ar an gcomhairliúchán céadchéime[39] agus faoi choinníoll an chomhairliúcháin dara céim, breithneoidh an **Coimisiún gníomhaíocht chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar ghnéaschiapadh ar an láthair oibre**. Deis a bheidh i g**Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair** amach anseo freisin do chur chuige inscne-fhreagrúil níos leithne, lena n-áirítear maidir le foréigean tríú páirtí. Leis an uirlis Measúnaithe Riosca Idirghníomhaigh ar Líne maidir le gnéaschiapadh agus foréigean tríú páirtí a d'fhorbair an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), cuirtear tacaíocht phraiticiúil ar fáil d'fhostóirí agus d'oibrithe maidir le gnéaschiapadh a chosc agus a bhrath. In 2027, seolfaidh EU-OSHA **Feachtas um an Ionad Oibre Sláintiúil** freisin maidir leis an meabhairshláinte ag an obair agus maidir le rioscaí síceasóisialta a chosc, lena n-áirítear gnéaschiapadh agus foréigean.

[36] Cé go bhfuil paireacht inscne nach mór ann sna leibhéil is airde de riaracháin phoiblí náisiúnta ar an meán san Aontas (48 % mná i róil shinsearacha sa státseirbhís), tá éagothroime nach beag fós ann idir na Ballstáit (idir 26 % go 63 % mná): Táscaire: Riaracháin náisiúnta: An dá leibhéal riarthóirí is airde de réir na feidhme rialtais | An Bunachar Sonraí um Staidreamh Inscne |An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

[37] Le Coinbhinsiún 190 EIS maidir le Foréigean agus Ciapadh tugtar aghaidh freisin ar fhoréigean agus ciapadh inscnebhunaithe. Tá 13 Bhallstát de chuid an Aontais tar éis an Coinbhinsiún a dhaingniú go dtí seo.

[38] Treoir 2006/54/CE maidir le prionsabal na gcomhdheiseanna agus na córa comhionainne d'fhir agus do mhná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (Treoir Athmhúnlaithe).

[39] An Gníomh um Poist Dea-cháilíochta Comhairliúchán céadchéime.

Thairis sin, déanfaidh an Coimisiún tuilleadh oibre chun deireadh a chur le ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh ina riarachán poiblí féin. Cuirfidh sé sin le hobair an Phríomhchomhairleora Iontaoibhe agus leis an gcreat athnuaite frithchiaptha, trí phleananna gníomhaíochta tiomnaithe a chur chun feidhme maidir le ciapadh a chosc, agus trí aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an fhoréigin teaghlaigh san ionad oibre, i gcomhréir le hoibleagáidí an Aontais faoi Choinbhinsiún Iostanbúl.

**Tá rioscaí nua do mhná ag teacht chun cinn freisin mar gheall ar an intleacht shaorga**, amhail claontacht inscne san earcaíocht, sa mheastóireacht nó sa bhainistiú algartamach. Leis an n**Gníomh um an Intleacht Shaorga** forchuirtear oibleagáidí ar sholáthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga ardriosca i réimsí na fostaíochta, na bainistíochta oibrithe agus na féinfhostaíochta. Ní mór d'úsáideoirí gairmiúla áirithe córas IS ardriosca measúnú tionchair ar chearta bunúsacha a dhéanamh, arb é is aidhm dó na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le córas IS ardriosca do chearta bunúsacha a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas. Sa **Treochlár um Poist Dea-cháilíochta**, shainaithin an Coimisiún bainistiú algartamach agus IS ag an obair mar réimsí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghníomhaíocht an Aontais i gcomhthéacs an Ghnímh um Poist Dea-cháilíochta.

Tá aghaidh á tabhairt ar mhíchothromaíochtaí inscne, atá suntasach go háirithe in earnálacha áirithe, le tionscnaimh shonracha amhail **an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach**, an tionscadal **'Construction Blueprint', Líonra um Éagsúlacht agus Cuimsiú Thionscal Spáis agus Cosanta an Aontais**, an **tArdán 'Mná in Earnáil an Iompair'** agus **líonra Ambasadóirí #DiversityInTransport.** Seolfaidh an Coimisiún tionscnaimh nua a fhreagraíonn do chúrsaí inscne freisin chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí in earnálacha eile, amhail **ardán do Mhná san Fheirmeoireacht**, **Cairt Ealaíontóirí de chuid an Aontais** agus **Plean Gníomhaíochta maidir le Mná sa Taighde, sa Nuálaíocht agus i nGnólachtaí Nuathionscanta**. Déanfaidh an Coimisiún **suirbhé** de chuid an Aontais freisin **maidir le héagsúlacht agus cuimsiú in earnálacha na cosanta, an tionscail agus an spáis**.

Ní mór daonra iomlán an Aontais, lena n-áirítear mná, a chuimsiú sna caighdeáin. Déanfaidh an Coimisiún **socrú caighdeán cuimsitheach** a chur chun cinn a thuilleadh trí thacú le sampla ionadaíoch sonraí de dhaonra an Aontais a chruthú agus trí chur leis an staidéar ar chuimsitheacht antrapaiméadrachta i gcaighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha. I gcomhthéacs an **Ghnímh Eorpaigh um Tháirgí** atá ar na bacáin, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall éagsúlacht iomlán dhaonra an Aontais a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe inscne-shonracha i reachtaíocht earnála ábhartha, go háirithe i socrú caighdeán. Spreagfaidh sé freisin an **Córas Eorpach um Chaighdeánú** chun cuntas leordhóthanach a thabhairt ar ghnéithe a bhfuil tionchar díreach acu ar mhná agus leanfaidh sé d'ionadaíocht chomhionann na mban a chur chun cinn i rialachas na nEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú.

Thairis sin, tacóidh an Coimisiún a thuilleadh le cur chun feidhme iomlán an **Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí** maidir le hinscne a áireamh go sainráite sa mheasúnú ar shábháilteacht táirgí, agus é á aithint gur féidir le difríochtaí bitheolaíocha agus fiseolaíocha tionchar a imirt ar an gcaoi a ndéanann rioscaí difear do mhná. Go háirithe, tacóidh an Coimisiún le sábháilteacht táirgí atá inscne-íogair trí uirlisí treorach, trí mhalartuithe tiomnaithe le húdaráis agus le hoibreoirí eacnamaíocha.

**Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin**

- ✓ Measúnú a thíolacadh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na Treorach maidir le cothromaíocht inscne ar bhoird chorparáideacha (2029);
- ✓ Machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar ghnéaschiapadh san ionad oibre i gcomhthéacs an Ghnímh um Poist Dea-cháilíochta (2026) agus Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair a bheidh ann amach anseo (2028);
- ✓ Plean Gníomhaíochta maidir le Mná sa Taighde, sa Nuálaíocht agus i nGnólachtaí Nuathionscanta a chur i láthair (2026);
- ✓ An Córas Eorpach um Chaighdeánú a spreagadh chun cuntas leordhóthanach a thabhairt ar na gnéithe uile a mbíonn tionchar díreach acu ar mhná (2026-2030).

***

***Prionsabal 6 den Treochlár: Oideachas agus oiliúint atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach***

Ba cheart an deis a bheith ag gach cailín agus buachaill a n-uaillmhianta a shaothrú gan bhac ach is minic a bhíonn **dúshláin inscne-shonracha rompu san oideachas**, rud a fhágann go mbíonn torthaí míchothroma oideachais ann. Bíonn tionchar ag steiréitíopaí inscne ar roghanna oideachais agus bíonn iarmhairtí acu ar feadh an tsaoil, rud a chuireann le hidirdheighilt fostaíochta. Is féidir le h**oideachas inscne-íogair a bheith ina uirlis fhíorchlaochlaitheach** chun dul i ngleic le neamh-chomhionannas inscne agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh san Aontas, gan beann ar inscne, **ar oideachas agus ar oiliúint chuimsitheach** ardcháilíochta. Tá sé ríthábhachtach rochtain a áirithiú agus deireadh a chur le bacainní go háirithe do chailíní agus do bhuachaillí ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cúlra mionlaigh cine nó mionlaigh eitnigh acu, cúlra socheacnamaíoch níos ísle nó cúlra imirceach, agus leanaí faoi mhíchumas. Faoi **Chreat Straitéiseach 2021-2030 um chomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint**, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit na spriocanna sin a bhaint amach agus lánurraim á tabhairt dá n-inniúlachtaí sa réimse sin.

Chun míchothromaíochtaí inscne san oideachas a chomhrac go héifeachtach, tá gá le gníomhaíochtaí spriocdhírithe in earnálacha straitéiseacha amhail ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic), ina bhfuil mná faoi ghannionadaíocht. Ní mór spéis sna disciplíní sin a chothú ó aois óg. Cuirfidh an Coimisiún **pacáiste** cuimsitheach **oideachais** i láthair in 2026 chun sealbhú bunscileanna a neartú – lena n-áirítear matamaitic, eolaíochtaí agus inniúlachtaí digiteacha. In éineacht leis an tionscnamh **'Girls Go STEM'**, a

mhol an Coimisiún agus faoi stiúir na hInstitiúide Eorpaí um Theicneolaíocht faoin b**Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM**, rannchuideoidh sé leis an sprioc níos leithne milliún cailín a mhealladh chuig ETIM faoi 2028. Tá cur chun cinn na mban in ETIM ar cheann de thrí phríomhchuspóir an Phlean Straitéisigh. Tabharfaidh Painéal Feidhmiúcháin Eorpach STEAM comhairle maidir le saincheisteanna straitéiseacha, lena n-áirítear maidir le conas cleachtais rathúla a phríomhshruthú chun níos mó **cailíní agus ban a mhealladh chuig ETIM**.

An tráth céanna, ní mór béim níos mó a leagan freisin ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais inscne-shonracha buachaillí, ar lú an seans go mbeidh siad i measc na ndaoine is fearr feidhmíocht i dtíortha uile an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún cur chuige '**Boys in HEAL**' (Sláinte, Oideachas, Riarachán, Litearthacht) chun cinn. Foilseoidh sé **lámhleabhar maidir le réitigh fhianaisebhunaithe chun éagothromaíochtaí inscnebhunaithe a laghdú i roghanna staidéir agus i dtorthaí oideachais**. Agus leas á bhaint as sin, smaoineoidh an Coimisiún ar thionscnamh a sheoladh chun cuidiú le níos mó buachaillí agus fear a mhealladh isteach sna réimsí staidéir agus sna hearnálacha sin. Tabharfaidh an Coimisiún **tacaíocht níos fearr freisin do mhúinteoirí agus do scoileanna chun dul i ngleic le steiréitíopaí inscne** trí thacú le hábhar ar an ábhar sin a fhorbairt agus a chur chun cinn, mar shampla trí thionscadal an **Ardáin Eorpaigh um Oideachas Scoile** agus trí thionscadal **Erasmus+**.

San ardoideachas, tá fir faoi ghannionadaíocht agus is gnách go bhfeidhmíonn mná níos fearr ná fir ó thaobh gnóthachtáil oideachais de. Breithneoidh an Coimisiún tionscnaimh bhreise chun **inrochtaineacht an ardoideachais a mhéadú** agus chun a áirithiú go mbainfidh raon leathan foghlaimeoirí céim amach.

Is cumasóirí cumhachtacha iad **an cultúr agus an spórt** chun steiréitíopaí inscne a chomhrac i suíomhanna oideachais agus níos faide i gcéin. Ar leibhéal an Aontais, baineann roinnt tionscnamh úsáid as an gcultúr chun comhionannas inscne a chur chun cinn, agus tugtar spreagadh d'eiseamláirí ban le beartas spóirt agus cuidíonn sé leis an mbearna idir na hinscní sa ghníomhaíocht choirp a dhúnadh. Déanfaidh an Coimisiún inscne a phríomhshruthú a thuilleadh sna réimsí sin, go háirithe i Seachtain Eorpach an Spóirt, Gradaim Spóirt #BeActive an Aontais, Spórt Erasmus+ agus san **Fhís Straitéiseach don Spórt san Eoraip** chun an tSamhail Eorpach Spóirt a threisiú.

**Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:**

- ✓ Pacáiste oideachais a chur i láthair a rannchuideoidh le níos mó cailíní a mhealladh chuig réimsí agus gairmeacha ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) (2026);
- ✓ Cur chuige 'Boys in SORL' (Sláinte, Oideachas, Riarachán agus Litearthacht) a chur chun cinn (2026-2030) agus lámhleabhar a fhoilsiú maidir le héagothromaíochtaí inscnebhunaithe a laghdú i roghanna staidéir agus i dtorthaí oideachais (2028);
- ✓ Tacú le forbairt agus cur chun cinn ábhair maidir le dul i ngleic le steiréitíopaí inscne do scoileanna agus do mhúinteoirí.

***

***Prionsabal 7 den Treochlár: Rannpháirtíocht ghníomhach, chomhionann agus shábháilte sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil***

Cuireann na struchtúir chumhachta atá ann cheana bac ar mhná a bheith rannpháirteach go hiomlán, go comhionann agus go fóinteach sa pholaitíocht agus sa saol poiblí. **Níl ach aon trian de pharlaiminteoirí náisiúnta agus d'airí sinsearacha san Aontas ina mná.** Thairis sin, i dtoghcháin Eorpacha 2024, tháinig laghdú ar sciar na mban a toghadh chuig Parlaimint na hEorpa, sciar a bhí faoi bhun 40 %[40]. Is minic **a dhírítear ionsaithe ar mhná sa pholaitíocht** faoina gcáilíochtaí, faoina dtaithí agus faoina scileanna, agus úsáidtear **bréagaisnéis** chun an bonn a bhaint dá n-inchreidteacht, chun a ndlisteanacht a cheistiú, agus chun tacaíocht phoiblí agus a rannpháirtíocht pholaitiúil féin a dhíspreagadh[41]. Éiríonn aon trian de mhná sa pholaitíocht atá thíos leis an gcibearfhoréigean as na meáin shóisialta[42]. Tá foréigean inscnebhunaithe in aghaidh iriseoirí ban forleathan freisin, agus is minice a dhírítear ar iriseoirí ban ar líne, agus déantar ionsaithe níos fíochmhaire agus níos gnéasaithe orthu[43]. Baineann an fuath frithbhanda agus an foréigean a fhulaingíonn mná sa pholaitíocht agus sa saol poiblí an bonn dá gcearta bunúsacha agus de bhunchloch an daonlathais.

Ar leibhéal an Aontais, leis an **Rialachán maidir le stádas agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí Eorpacha** ceanglaítear ar pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha faisnéis faoin gcothromaíocht inscne a fhoilsiú i measc a gcomhaltaí agus a gcomhlachtaí rialaithe. Leis an **Moladh ón gCoimisiún maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha**, moltar do pháirtithe polaitiúla náisiúnta liostaí iarrthóirí atá cothrom ó thaobh inscne de a chur i bhfeidhm agus cuirtear gníomhaíocht chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar fhuathchaint inscnebhunaithe in aghaidh na mban atá gníomhach go polaitiúil. Tabharfaidh an Coimisiún cothrom le dáta an **mhapáil a dhéanann sé ar bhearta dlíthiúla agus beartais** sna Ballstáit lena gcuirtear **rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban sa pholaitíocht, sa riarachán poiblí agus i bparlaimintí** chun cinn trí na dea-chleachtais is déanaí a chur san áireamh. Déanfar measúnú inti ar dhea-chleachtais agus ar an dul chun cinn atá déanta, agus beidh sí mar bhonn do ghníomhaíocht bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh.

Mar a fógraíodh sa **Sciath Eorpach don Daonlathas**, tíolacfaidh an Coimisiún **Moladh ón gCoimisiún maidir le sábháilteacht sa pholaitíocht** d'iarrthóirí polaitiúla agus d'ionadaithe tofa a bhaineann le bagairtí as líne agus ar líne, lena n-áirítear maidir le bréagaisnéis agus treoraíocht thiomnaithe maidir le dea-chleachtais. Tabharfaidh sé sin aird ar leith ar mhná, ós

[40] Féach an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le toghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa, COM(2025) 287 final.
[41] Féach JRC: *Shut up and do the dishes! Toxicity and Gender in Digital Political Spaces: Evidence from the 2024 European Elections* [Dún do bhéal agus déan na soithí a ní! Tocsaineacht agus Inscne i Spásanna Polaitiúla Digiteacha: Fianaise ó na Toghcháin Eorpacha 2024] (2025).
[42] Staidéar 2024 ó Chomhairle Bhardais agus Réigiúin na hEorpa: *WOMEN IN POLITICS Local and European Trends*.
[43] *Violence Against Women Journalists and Politicians* - tuarascáil ESCE 2021.

rud é go ndírítear orthu go díréireach. Áireofar ar na bearta freisin **cóitseáil, meantóireacht agus líonrú** do pholaiteoirí ban, **oiliúint** do cheannairí polaitiúla, agus **gníomhaíochtaí múscailte feasachta**.

Tá an Coimisiún an-dáiríre faoi ionsaithe bréagaisnéise in aghaidh na mban sa pholaitíocht. Is príomhuirlis é **Cód Iompair an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le Bréagaisnéis** i ndáil leis sin. Faoi chlár AgoraEU a bheidh ann amach anseo (faoi choinníoll go nglacfar é), d'fhéadfadh an Coimisiún cistiú a chur ar fáil chun tacú le mná sa pholaitíocht, lena n-áirítear chun dul i ngleic leis an bhfuath ar líne, mar shampla. Leagtar béim sa **Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach** ar a thábhachtaí atá sé oiliúint a chur ar údaráis inniúla na mBallstát uirlisí dlíthiúla a úsáid chun ábhar neamhdhleathach ar líne a bhaint, lena n-áirítear chun dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe.

Cuireann **insintí frith-inscne**, ábhar neamhdhleathach ar líne agus an t-aimpliú saorga a dhéantar air spás daonlathach an Aontais i mbaol[44], lena n-áirítear trí **pholarú idir mná óga agus fir óga a spreagadh**[45]. Léirítear i staidéir go ndéanann gluaiseachtaí domhanda a bhfuil acmhainní maithe acu é sin a chur chun cinn agus a mhaoiniú[46], agus go mbaintear leas níos mó agus níos mó as trí ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis. Trí Fhís Eorpach, thacaigh an Coimisiún le taighde chun cur in aghaidh na bréagaisnéise agus na fuathchainte, chun tuiscint a fháil ar fhréamhacha an pholaraithe agus chun aghaidh a thabhairt ar insintí frithinscneacha. Seolfaidh an Coimisiún staidéar ar na **líonraí ar líne, ar na réimsí agus ar na hinsintí atá dírithe ar fhir agus ar bhuachaillí óga**, agus ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith acu le fórsaí frithdhaonlathacha agus le gluaiseachtaí fuatha. Cuirfidh an Coimisiún feabhas freisin ar a rannpháirtíocht le h**eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le tionscnaimh forbartha pobail** lena gcuirtear in aghaidh ionramháil faisnéise agus bréagaisnéise maidir le hinscne, lena n-áirítear trí chruinnithe comhchéime le fir agus buachaillí. Thairis sin, eagróidh an Coimisiún **Imeacht Comhpháirteach maidir le Beartas agus Cleachtas ar ábhar an fhuatha ban agus na hidé-eolaíochta incel** i measc daoine óga faoi Mhol Eolais an Aontais maidir leis an radacú a chosc.

**Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:**

- ✓ Moladh ón gCoimisiún maidir le sábháilteacht sa pholaitíocht a chur i láthair (2026);
- ✓ Mapáil na mbeart dlíthiúil agus beartais a thabhairt cothrom le dáta chun rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban sa pholaitíocht, sa riarachán poiblí agus i bparlaimintí (2027) a chur chun cinn;
- ✓ Staidéar a dhéanamh ar líonraí, réimsí agus insintí ar líne atá dírithe ar fhir agus ar bhuachaillí óga (2028).

***

[44] ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, COM/2025/148 final.
[45] Féach Achoimre ar Bheartas JRC: 'Dearcthaí Inscne san Aontas Eorpach: Dul Chun Cinn Neamhchothrom agus Polarú Páirteach (2025).
[46] Datta, Neil, *The Next Wave: How Religious Extremism Is Regaining Power | EPF* (2025).

***Prionsabal 8 den Treochlár: Sásraí institiúideacha a dhéanann beart de réir briathair maidir le comhionannas inscne***

Ní féidir le gníomhaíochtaí chun comhionannas inscne a chur chun cinn a bheith éifeachtach ach amháin má thacaíonn **institiúidí agus próisis a chuireann comhionannas inscne chun cinn** leo agus má dhéantar **gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú** ar fud na réimsí beartais uile. Seolfaidh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne **Deasc Chabhrach um Príomhshruthú Inscne in 2026** chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do phríomhshruthú inscne ar leibhéal na mBallstát. Ina theannta sin, tacóidh an Coimisiún le húdaráis na mBallstát acmhainneacht a fhorbairt agus treoirlínte a fhorbairt maidir le príomhshruthú inscne, lena n-áirítear buiséadú inscne. Leanfaidh an Coimisiún freisin de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na d**Treoracha maidir le Caighdeáin do Chomhlachtaí Comhionannais**.

Chun **príomhshruthú inscne a chur chun cinn ar fud bheartais uile an Aontais**, lena n-áirítear i réimsí trasearnálacha amhail beartais aeráide agus chomhshaoil, cuirfidh an Coimisiún a thuilleadh leis an dul chun cinn atá déanta ag an Tascfhórsa um Chomhionannas leis an líonra Comhordaitheoirí Comhionannais i ngach Ard-Stiúrthóireacht agus Seirbhís agus sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS). Ceapadh pointí teagmhála comhionannais in oifigí príobháideacha gach Coimisinéara freisin.

**Leanfaidh cistí an Aontais de chomhionannas inscne a chur chun cinn.** Faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta, do chomhpháirtithe sóisialta agus d’údaráis phoiblí chun reachtaíocht agus beartais an Aontais maidir le comhionannas inscne a chur chun feidhme. Trí Fhís Eorpach, athdhearbhaíonn an Coimisiún freisin go bhfuil sé tiomanta do thaighde tiomnaithe ar chomhionannas inscne a chistiú, le cur chuige trasnach. Leanfaidh sé freisin de thacaíocht a thabhairt do chomhtháthú éigeantach ghné na hinscne in inneachar taighde agus nuálaíochta.

Is deis thábhachtach é cur chun feidhme **CAI 2028-2034** (faoi choinníoll caibidlíocht idirinstitiúideach) chun **príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais** a neartú. Leis an Rialachán Feidhmíochta atá beartaithe, tá comhionannas inscne ina phrionsabal cothrománach d’fhormhór chláir chistiúcháin an Aontais, lena n-áirítear na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Tugtar isteach leis an Rialachán Feidhmíochta freisin creat comhsheasmhach chun comhionannas inscne a phríomhshruthú ar fud an bhuiséid, trí mhodheolaíocht chun caiteachas an Aontais a thacaíonn le comhionannas inscne a rianú agus trí tháscairí feidhmíochta a dhí-chomhiomlánú de réir inscne. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **treoraíocht theicniúil maidir leis an modheolaíocht rianaithe** a chur i láthair faoi dheireadh 2026[47]. Thairis sin, leanfar d’aghaidh a thabhairt ar chomhionannas inscne sa **Seimeastar Eorpach**, chun dúshláin phráinneacha maidir le comhionannas inscne a shainaithint agus chun dul i ngleic leo.

[47] Faoi choinníoll go nglacfar Airteagal 7(3) den togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais (COM(2025)545 final, 16.7.2025).

Tá ról tábhachtach ag **Coiste Eorpach na Réigiún** maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil na mban i gcathracha agus i réigiúin a chur chun cinn, agus tá ról lárnach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le comhionannas inscne agus ionadaíocht pholaitiúil chomhionann a chothú. Ar an gcaoi chéanna, díríonn **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa** tiomantas na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta don chomhionannas inscne mar cholún den daonlathas, den cheartas sóisialta agus den fhás cuimsitheach.

Tá ról lárnach ag an t**sochaí shibhialta** maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn. Leanfaidh an Coimisiún de chistiú a chur ar fáil d'eagraíochtaí feimineacha agus d'eagraíochtaí um chearta na mban, mar chuid den chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna atá ann faoi láthair agus den chlár AgoraEU atá beartaithe (faoi choinníoll caibidlíocht idirinstitiúideach). Neartóidh an Coimisiún ionadaíocht na sochaí sibhialta sa **Choiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir** agus cuirfidh sé **creat rialta struchtúrtha le haghaidh idirphlé maidir le luachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn** ar fáil faoi **Ardán na Sochaí Sibhialta**[48]. Cuirfidh sé sin feabhas ar athléimneacht eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí atá tiomanta do chomhionannas inscne. **Leathnóidh** an Coimisiún go sonrach **an comhar le heagraíochtaí atá dírithe ar chomhionannas inscne a théann i dteagmháil le fir agus buachaillí agus a thacaíonn leo.**

Éilíonn beartas comhionannais inscne atá bunaithe ar fhianaise sonraí láidre atá imdhealaithe de réir inscne agus geallann an Coimisiún go mbaileofar go córasach iad. Áireofar sa **Mholadh atá ar na bacáin maidir le sonraí comhionannais** moladh go ndéanfaí sonraí a imdhealú de réir inscne agus de réir forais eile idirdhealaithe.

**Ní mór do bheartais ullmhachta a bheith inscne-fhreagrúil.** Mar a aithnítear sa **Straitéis um Aontas na hUllmhachta**, is féidir le géarchéimeanna agus éigeandálaí difear díréireach a dhéanamh do mhná agus do chailíní. Mar shampla, cruthaíonn teagmhais adhaimsire aimhréidheanna tromchúiseacha sláinte do mhná torracha nó do mhná scothaosta, lena n-áirítear riosca méadaithe go gcuirfear san ospidéal iad. Chun aghaidh a thabhairt air sin, leanfaidh an Coimisiún den éagsúlacht agus den chuimsiú a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí oiliúna agus in oibríochtaí an **tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta**, agus béim á leagan ar an gcothromaíocht inscne a chur chun cinn.

Tá acmhainneacht mhór ag an b**pleanáil uirbeach** chun comhionannas inscne a chur chun cinn trína áirithiú go bhfuil spásanna poiblí sábháilte do mhná agus do chailíní, agus go gcuirtear bonneagar agus seirbhísí amhail seirbhísí cúraim agus iompar poiblí in oiriúint dá riachtanais[49]. Aithnítear i g**Clár Oibre an Aontais do Chathracha 2025** na dúshláin inscne-shonracha a bhaineann leis an bpleanáil uirbeach agus cuirtear bealaí ar fáil chun na hábhair sin a chur chun

[48] Féach Straitéis an Aontais um an tSochaí Shibhialta, COM(2025) 790 final.
[49] Féach an Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le Deireadh a chur leis an bhforéigean inscnebhunaithe – cathracha agus réigiúin ar thús cadhnaíochta (2024), chomh maith le tionscnamh domhanda Mhná na Náisiún Aontaithe maidir le Cathracha Sábháilte agus Spásanna Poiblí Sábháilte do mhná agus do chailíní (2025).

cinn a thuilleadh le cathracha, amhail trí Ardán an Aontais do Chathracha a bheidh ann amach anseo. Leanfaidh an Coimisiún freisin de thacaíocht agus aitheantas a thabhairt d'údaráis áitiúla atá ag tacú leis an gcuimsitheacht trí **Ghradaim na hEorpa do Phríomhchathracha Ionchuimsithe agus Éagsúlachta**.

Chun dlús a chur le **cur i gcrích phrionsabail an Treochláir um Chearta na mBan ar an leibhéal náisiúnta**, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit uile **pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le comhionannas inscne** a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2027. Leis an g**Clár Foghlama Frithpháirtí i leith Comhionannas Inscne** agus leis an n**Grúpa Ardleibhéil um Príomhshruthú Inscne**, cuirtear ardáin den scoth ar fáil chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise seo agus na bpleananna náisiúnta.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus **tuairisciú ar chur chun feidhme na Straitéisí uile faoi Aontas an Chomhionannais**, lena n-áirítear breithniú ar an dul chun cinn a rinneadh faoin Straitéis seo agus a gníomhaíochtaí a rianú. Seolfaidh an Coimisiún **feachtas cumarsáide maidir le hAontas an Chomhionannais** freisin, feachtas ina mbeidh gné láidir inscne agus cur chuige trasnach, agus seolfaidh sé Líonra Taighde agus Nuálaíochta le haghaidh Aontas an Chomhionannais faoin gclár Fís Eorpach.

**Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:**

- ✓ Príomhshruthú inscne a áirithiú i gcur chun feidhme an chéad CAI eile (2028-2034) (faoi choinníoll go nglacfar é);
- ✓ Treoraíocht theicniúil a thíolacadh maidir le caiteachas ar chomhionannas inscne a rianú (2026);
- ✓ Ionadaíocht na sochaí sibhialta a neartú sa Choiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir (2026).

## 3. Comhionannas Inscne i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais

Níl aon tír ar domhan ar an mbóthar ceart faoi láthair chun comhionannas inscne iomlán a bhaint amach faoi 2030. Tá an dul chun cinn maidir le comhionannas inscne ag éirí níos stadta agus níos aisiompaithe ar fud go leor áiteanna ar fud an domhain, a fhad is atá timpeallachtaí slándála domhanda á n-athmhúnlú ag na leibhéil is airde riamh de choinbhleacht armtha, cúlú daonlathach, ilroinnt gheopholaitiúil agus tionchair an athraithe aeráide atá ag éirí níos forleithne. Cuireann díchistiú an chomhionannais inscne ionchais forbartha daonna i mbaol, lena n-áirítear rochtain na mban ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Tá aon trian de mhná ar fud an domhain tar éis foréigean fisiciúil nó gnéasach a fhulaingt agus tá os cionn 200 milliún bean agus cailín thíos le ciorrú ball giniúna ban[50]. Cuirtear cearta na mban i mbaol go mór i gcoinbhleachtaí, áit a mbíonn ar mhná aghaidh a thabhairt ar leibhéil mhéadaithe foréigin inscnebhunaithe. Tá rioscaí níos airde roimh mhná freisin ó thubaistí a bhaineann leis an aeráid,

[50] EDS 2024 - Staidreamh maidir le foréigean in aghaidh na mban.

neamhshlándáil bia, agus ganntanas acmhainní, agus cuireann neamh-chomhionannas inscne le tionchair na ndúshlán comhshaoil freisin. Agus éifeachtaí trasnacha an athraithe aeráide, na coinbhleachta, an easáitithe agus na himirce ar mhná agus ar chailíní á n-aithint, lena gcuirtear tacaíocht téarnaimh agus atógála inscne-fhreagrúil ar fáil, agus lena dtacaítear le heagraíochtaí um chearta na mban, is gnéithe fíor-riachtanacha iad chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus chun ullmhacht agus athléimneacht na sochaí i leith géarchéimeanna a neartú.

**Tá an tAontas tiomanta i gcónaí tús áite a thabhairt don chomhionannas inscne agus deireadh a chur le gach cineál foréigin inscnebhunaithe ina ghníomhaíocht sheachtrach** chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo gealltanais idirnáisiúnta, lena n-áirítear Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising. Beidh cur chun feidhme **Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne** (**GAP III**) go dtí deireadh 2027 ina chéim aistir chuige sin. Seolfaidh an Coimisiún comhairliúchán poiblí le páirtithe leasmhara chun creat beartais comharba a fhorbairt, **Plean Gníomhaíochta IV maidir le hInscne le haghaidh 2028-2034**, atá le glacadh i gcomhpháirt leis an Ardionadaí. Bunaithe ar an gcomhairliúchán agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh, saineofar i bPlean Gníomhaíochta IV maidir le hInscne tosaíochtaí agus tionscnaimh ar fud na gníomhaíochta seachtraí. Cuirfidh toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha agus misin an Aontais chun feidhme iad.

Leanfar de bhreithnithe maidir le comhionannas inscne a chur san áireamh san **idirphlé déthaobhach maidir le cearta an duine** le tíortha nach bhfuil san Aontas agus le heagraíochtaí réigiúnacha, chun tacú le gníomhaíochtaí a fhreagraíonn do chúrsaí inscne agus le buiséadú i dtíortha comhpháirtíochta. Ina bharúlacha toghcháin, leanfaidh an tAontas de mheasúnú a dhéanamh ar a mhéid atá rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach ag mná sa saol polaitiúil agus poiblí. Cuirfidh an tAontas chun cinn freisin rochtain mhéadaithe na mban ar phoist chuibhiúla, ar fhiontraíocht agus ar shlándáil ioncaim, agus tairbhí níos leithne á gcur ar fáil an tráth céanna don tsláinte, don tslándáil bia agus don chothú mar chuid den **Global Gateway**. Is tosaíochtaí trasearnálacha sa **Chomhshocrú don Mheánmhuir** iad comhionannas inscne, cumhachtú na mban, oideachas agus oiliúint.

Tá **rannpháirtíocht an Aontais san iltaobhachas éifeachtach** fíor-riachtanach chun an tsíocháin, an rathúnas, an tslándáil agus urraim do chearta an duine do chách a choinneáil ar bun. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach in athbheochan an **Choimisiúin um Stádas na mBan**, agus de thacú leis an athbheochan sin, agus leanfaidh sé de bheith ag tacú leis an gcomhionannas inscne laistigh de chomhlachtaí ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe um chearta an duine.

I gcomhréir leis an g**Clár Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil**, beidh sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt don chomhionannas inscne d'iarrachtaí sheirbhísí an Choimisiúin agus SEGS an tsíocháin a chur chun cinn i gcomhthéacs domhanda ina bhfuil an éiginnteacht agus na coinbhleachtaí ag dul i méid. Beidh **Plean Gníomhaíochta athnuaite an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil le formhuiniú ag an gCoiste**

**Polaitiúil agus Slándála in 2027.** Leanfaidh an tAontas den chlár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chomhtháthú go córasach ina **Chomhpháirtíochtaí Slándála agus Cosanta.**

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí do **chabhair dhaonnúil atá inscne-fhreagrúil, prionsabálta agus bunaithe ar riachtanais** agus do chúnamh a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe in éigeandálaí daonnúla, lena n-áirítear iad siúd a ndéantar idirdhealú trasnach orthu. In 2026, seolfaidh an Coimisiún **tionscnamh suaitheanta nua tiomnaithe – SHIELD (Sláinte Ghnéis agus Sláinte Atáirgthe i gCásanna Éigeandála agus Saol faoi Dhínit) – a bheidh dírithe ar rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a fheabhsú agus ar thacú le marthanóirí foréigin inscnebhunaithe.** Beidh an gealltanas sin fréamhaithe sa **Teachtaireacht maidir le Cabhair Dhaonnúil** atá le teacht. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar bheartas inscne an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil d'fhonn é a thabhairt cothrom le dáta.

Ina theannta sin, is **gné lárnach d'obair an Choimisiúin le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha é cur chun cinn an chomhionannais inscne**, i gcomhréir leis an gcur chuige 'bunphrionsabail ar dtús' a leagtar amach i modheolaíocht athbhreithnithe 2020 um méadú. Leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar ailíniú reachtaíocht chomhpháirtithe an mhéadaithe le *acquis* comhionannais inscne an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, agus cuirfidh sé tacaíocht ar fáil chun cur chun feidhme iomlán a áirithiú. Thairis sin, faoi chuimsiú Chomhpháirtíocht an Oirthir, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta chun comhionannas inscne a chur chun cinn. Leanfar de thosaíochtaí den sórt sin a léiriú i dtacaíocht airgeadais an Aontais, go háirithe tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) III agus tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI).

Ar deireadh, **is dlúthchuid de bheartas trádála an Aontais i gcónaí é an comhionannas inscne**. Leanfaidh an Coimisiún d'fhorálacha comhionannais inscne a chomhtháthú i gcomhaontuithe trádála. I dtíortha a thairbhíonn de Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife de chuid an Aontais, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Foilseoidh an Coimisiún freisin, in éineacht leis an Lárionad Trádála Idirnáisiúnta, treoraíocht phraiticiúil do lucht ceaptha beartas maidir le lionsa inscne a chomhtháthú i mbeartais trádála go luath in 2027.

I bhfianaise a dtionchair ar chaidreamh seachtrach an Aontais, déanfar gníomhaíochtaí ábhartha a mholtar sa roinn seo i gcomhar le SEGS, laistigh d'fheidhmiú a fheidhmeanna.

**Príomhghníomhaíochtaí:**
- ✓ Plean Gníomhaíochta IV maidir le hInscne a sheoladh (2028-2034);
- ✓ Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a sheoladh (2028-2034);

- ✓ SHIELD (Sláinte Ghnéis agus Sláinte Atáirgthe i gCásanna Éigeandála agus Saol faoi Dhínit) a sheoladh– dírithe ar rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus ar thacú le marthanóirí foréigin inscnebhunaithe (2026).

## 4. Conclúid

Leis an Straitéis seo, geallann an Coimisiún go **leanfaidh sé de bheith ina eiseamláir don chomhionannas inscne** i ndomhan atá ag athrú go tapa. Cé go bhfuil an comhionannas inscne faoi bhrú méadaitheach i roinnt mhaith tíortha, leanfaidh an Coimisiún de bhearta nithiúla a dhéanamh chun é a chur chun cinn. Tacaíonn saoránaigh an Aontais leis an gcomhionannas inscne mar rud a théann chun tairbhe don tsochaí. Beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún i gcónaí **sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de a bhaint amach**, mar a chuirtear in iúl sa Treochlár um Chearta na mBan. Leis an Straitéis sin, geallann an Coimisiún a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le prionsabail an Treochláir a chur chun cinn, laistigh den Aontas agus ina ghníomhaíocht sheachtrach araon. Áiritheofar leis freisin go ndéanfar an *acquis* maidir le comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a thrasuí agus a chur chun feidhme go hiomlán ar fud an Aontais.

Ní bhainfear comhionannas inscne amach ach amháin má thagann gach duine le chéile: dá bhrí sin, is **cuireadh athnuaite** í an Straitéis seo freisin **do chomhghuaillithe oibriú le chéile ar mhaithe le comhionannas inscne**. Chun dul chun cinn nithiúil marthanach a dhéanamh, tá gá le comhar ar fud institiúidí an Aontais agus na mBallstát, le comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí um chearta na mban. Oibreoidh an Coimisiún go hidirnáisiúnta leis na comhpháirtithe uile atá tiomanta don chomhionannas inscne, le tíortha lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha ar aontachas leis an Aontas, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.